Rialachas Oiliúna



euaa
EUROPEAN UNION
AGENCY FOR ASYLUM

# Straitéis Oiliúna agus Foghlama EUAA

2022

# Straitéis Oiliúna agus Foghlama EUAA

# Márta 2022

Lámhscríbhinn arna críochnu i Márta 2022

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine eile atá ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas thíos.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-9400-662-2 | doi:10.2847/90216 | BZ-03-22-056-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9400-715-5 | doi:10.2847/781656 | BZ-03-22-056-GA-N |


© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2022

Grianghraf clúdaigh: © iStock.com

Is é ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.

# Clár na nÁbhar


**1. Cúlra** .......... 4
**2. Sainmhínithe** .......... 4
**3. Prionsabail** .......... 5
**4. Cuspóirí** .......... 7
**5. Creataí oiliúna** .......... 8
**6. Anailís ar riachtanais oiliúna** .......... 10
**7. Oiliúint a dhearadh agus a fhorbairt** .......... 10
7.1. Dearadh na hoiliúna .......... 10
7.2. Ábhair oiliúna a fhorbairt .......... 10
7.3. Athbhreithniú ar chur chun feidhme .......... 11
**8. Seachadadh agus éascú oiliúna** .......... 12
8.1. Linn Traenála na Gníomhaireachta .......... 12
**9. Monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú tréimhsiúil leanúnach** .......... 13

# 1. Cúlra

Tá Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/2303, freagrach as rannchuidiú le cur i bhfeidhm éifeachtach agus aonfhoirmeach dhlí an Aontais maidir le tearmann i mBallstáit a áirithiú agus cearta bunúsacha á n-urramú ina n-iomláine agus gníomhaíochtaí na mBallstát i gcur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn ("CEAS") a éascú agus a thacú. Tá cúram ar an nGníomhaireacht, leis, feabhas a chur ar fheidhmiú CET, lena n-áirítear trí chúnamh oibríochtúil agus teicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit, go háirithe iad siúd a bhfuil brú díréireach ar a gcórais tearmainn agus glactha.

Trí Straitéis Oiliúna agus Foghlama EUAA a chur i bhfeidhm([1]), geallann EUAA tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit trí oiliúint a chur ar fáil dá fhoireann féin, do chomhaltaí na n-údarás náisiúnta ábhartha, agus d'údaráis náisiúnta atá freagrach as tearmann agus glacadh, agus do chomhaltaí Foirne Tacaíochta Tearmainn lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil fostaithe ag an nGníomhaireacht. Soláthrófar tacaíocht na Gníomhaireachta sa réimse seo trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar an gcuraclam Eorpach tearmainn, a bhfuil sé mar aidhm aige dea-chleachtais agus ardchaighdeáin a chur chun cinn i gcur chun feidhme dhlí an Aontais maidir le tearmann agus glacadh. Trí dheiseanna oiliúna agus foghlama a sholáthar, rannchuideoidh EUAA le heolas, scileanna, freagracht agus uathriail na n-oifigeach tearmainn agus glactha a fhorbairt agus a neartú, ag seasamh le caighdeáin choiteanna, agus ag feabhsú cur chun feidhme foriomlán CEAS.

Sa Straitéis seo, a ghabh áit an leagain roimhe seo de Straitéis Oiliúna EASO (2019), leagtar amach na prionsabail a threoraíonn EUAA i gcur chun feidhme a shainordaithe mar a fhoráiltear dó in Airteagal 8 de Rialachán EUAA.

# 2. Sainmhínithe

Sa doiciméad seo, sainmhínítear na téarmaí seo a leanas:

- ciallaíonn "creidiúnú" próiseas dearbhaithe cáilíochta trína ndeonaítear stádas creidiúnaithe do sholáthraí oideachais nó oiliúna, a thaispeánann go bhfuil sé ceadaithe ag na húdaráis reachtacha nó gairmiúla iomchuí trí chaighdeáin réamhchinnte a bheith comhlíonta aige;
- ciallaíonn "deimhniú" próiseas chun teastas, dioplóma nó teideal a eisiúint lena bhfianaítear go foirmiúil go bhfuil tacar torthaí foghlama (eolas, fios gnó, scileanna agus/nó inniúlachtaí) a ghnóthaigh duine aonair measúnaithe agus bailíochtaithe ag comhlacht inniúil i leith caighdeán réamhshainithe;
- ciallaíonn "inniúlacht" an cumas eolas, scileanna agus cumais phearsanta, shóisialta agus/nó mhodheolaíochta a úsáid i gcásanna oibre nó staidéir agus i bhforbairt

([1]) *Management Board Decision No 102 of 7 March 2022 (EUAA/MB/2022/054) on the EUAA Training and Learning Strategy.*

ghairmiúil agus phearsanta. I gcomhthéacs an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí, tuairiscítear inniúlacht i dtéarmaí freagrachta agus féinriartha.

- ciallaíonn "foghlaim fhoirmiúil" foghlaim a tharlaíonn i dtimpeallacht eagraithe agus struchtúrtha (amhail i bhforas oideachais nó oiliúna nó in áit oibre) agus atá ainmnithe go sainráite mar fhoghlaim (i dtéarmaí cuspóirí, ama nó acmhainní). Is foghlaim intinneach é foghlaim fhoirmiúil, ó thaobh an fhoghlaimeora de. De ghnáth bíonn deimhniú mar thoradh air.
- ciallaíonn "foghlaim neamhfhoirmiúil" foghlaim a eascraíonn as gníomhaíochtaí laethúla a bhaineann leis an obair, leis an teaghlach nó le fóillíocht. Ní bhíonn sé eagraithe nó struchtúrtha ó thaobh cuspóirí, ama nó tacaíochta foghlama de. Ní foghlaim intinneach atá i gceist le foghlaim neamhfhoirmiúil i bhformhór na gcásanna ó thaobh an fhoghlaimeora de.
- ciallaíonn "torthaí foghlama" ráitis maidir lena bhfuil ar eolas ag foghlaimeoir, a thuigeann agus atá sí/sé in ann a dhéanamh ag deireadh próiseas foghlama. Sainmhínítear iad i dtéarmaí eolais, scileanna agus freagrachta agus neamhspleáchais.
- ciallaíonn "foghlaim sheachfhoirmiúil" foghlaim atá leabaithe i ngníomhaíochtaí pleanáilte nach bhfuil sainithe go sainráite mar fhoghlaim (i dtéarmaí cuspóirí foghlama, am foghlama nó tacaíochta foghlama), ach a bhfuil gné thábhachtach foghlama iontu. Is foghlaim intinneach é foghlaim sheachfhoirmiúil, ó thaobh an fhoghlaimeora de. De ghnáth ní bhíonn deimhniú mar thoradh air.

Is féidir sainmhínithe eile atá ábhartha don Straitéis seo a fháil i nGluais téarmaí oiliúna EUAA([2]).

# 3. Prionsabail

I gcomhréir le Rialachán EUAA, beidh cur chun feidhme Straitéis Oiliúna agus Foghlama EUAA faoi threoir na bprionsabal seo a leanas:

(i) Agus an Straitéis seo á cur i bhfeidhm, glacfaidh EUAA cur chuige oscailte, cuiditheach agus dinimiciúil agus é fós tiomanta go hiomlán do sheasamh leis na caighdeáin is airde cáilíochta, éifeachtúlachta agus trédhearcachta. Chuige sin, forbróidh EUAA Creat um Dhearbhú Cáilíochta Oiliúna bunaithe ar na Caighdeáin Eorpacha agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais ("ESG 2015")([3]). Cuirfidh EUAA san áireamh

([2]) Ar fáil ag: www.euaa.europa.eu
([3]) Úsáideann institiúidí agus gníomhaireachtaí um dhearbhú cáilíochta na Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Límistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG 2015) mar dhoiciméad tagartha do chórais dearbhaithe cáilíochta inmheánacha agus sheachtracha san ardoideachas. Tá sé in úsáid freisin ag an gClár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR), atá freagrach as clár gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta a chomhlíonann an ESG.

go cuí creat oideachais agus oiliúna an Aontais freisin, lena n-áirítear prionsabail Bologna([4]) agus Chóbanhávan([5]) agus an Creat Eorpach um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil.

(ii) Comhoibreoidh EUAA go dlúth le gníomhaithe éagsúla agus beidh sé ag brath ar thiomantas na ngníomhaithe éagsúla a bhféadfaidh a saineolas rannchuidiú le hábhar oiliúna agus foghlama EUAA a dhearadh agus a sholáthar. Áirítear orthu sin go príomha údaráis tearmainn agus glactha na mBallstát ach freisin an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) chomh maith le heintitis ábhartha oiliúna, institiúidí acadúla, comhlachais bhreithiúnacha, líonraí oiliúna agus eagraíochtaí ábhartha eile. Tarlóidh an comhar sin faoi chuimsiú an "Ghrúpa Tagartha", ar a mbeidh an Coimisiún Eorpach, Gníomhaireachtaí AE eile, Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) agus gníomhaithe ábhartha eile. De réir mar a éilíonn Rialachán EUAA, rachfar i gcomhairle leis an Oifigeach um Chearta Bunúsacha agus leis an bhFóram Comhairliúcháin maidir leis an gcuraclam Eorpach tearmainn.

(iii) Ar údaráis tearmainn agus glactha na mBallstát a ndírítear go príomha gníomhaíochtaí oiliúna agus foghlama EUAA([6]). I gcomhréir le Rialachán EUAA, leathnóidh an Ghníomhaireacht raon feidhme na ngníomhaíochtaí sin chuig údaráis náisiúnta ábhartha eile sna Ballstáit. I gcomhréir leis na socruithe oibre ábhartha, féadfaidh sé freisin gníomhaithe eile amhail gníomhaireachtaí AE, an UNHCR, an saol acadúil, eagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus na sochaí sibhialta agus tríú tíortha, de réir Straitéis EUAA um Chomhar Seachtrach, a chur san áireamh.

(iv) Cuirfidh cur chun feidhme na Straitéise seo ar chumas na mBallstát oiliúint ardchaighdeáin a sholáthar dá bhfoireann bunaithe ar an gcuraclam Eorpach tearmainn agus i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais maidir le tearmann. Go háirithe, ceanglaítear ar na Ballstáit codanna lárnacha den churaclam sin a áireamh san oiliúint a chuirtear ar fáil dá n-oifigigh tearmainn agus glactha. Cuireann sé sin le cóineasú níos mó ar mhodhanna, ar chinntí agus ar chleachtais dlí sna Ballstáit i gcomhréir le CEAS.

(v) Tá EUAA tiomanta do na caighdeáin is airde d'iompraíocht ghairmiúil agus eiticiúil ina ghníomhaíochtaí oiliúna go léir. Déanfaidh EUAA, i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chreata um Dhearbhú Cáilíochta Oiliúna, Cód Iompraíochta a fhorbairt agus a bhainistiú do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA, chomh maith le nós imeachta um ghearáin

---

([4]) Is comhar idir-rialtasach de 48 tír Eorpach i réimse an ardoideachais é Próiseas Bologna. Treoraíonn sé comhiarracht na n-údarás poiblí, na n-ollscoileanna, na múinteoirí agus na mac léinn, mar aon le comhlachais geallsealbhóirí, fostóirí, gníomhaireachtaí um dhearbhú cáilíochta, eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus institiúidí, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach, maidir le conas idirnáisiúnú an ardoideachais a fheabhsú. Is é an príomhfhócas ná an córas trí thimthriall a thabhairt isteach (Baitsiléir/Máistir/Dochtúir), dearbhú cáilíochta neartaithe agus aitheantas níos éasca do cháilíochtaí agus ar thréimhsí staidéir (https://ec.europa.eu/education/policies/higher-education/bologna-process-and-european-higher-education-area_en).

([5]) Ba le Dearbhú Chóbanhávan a seoladh Próiseas Chóbanhávan, arna cheadú an 30 Samhain 2002 ag na hairí atá freagrach as gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) sna Ballstáit, tíortha is iarrthóirí, tíortha CSTE-LEE, na Comhpháirtithe Sóisialta Eorpacha agus an Coimisiún Eorpach. Tháinig siad ar chomhaontú maidir le tosaíochtaí agus straitéisí chun muinín fhrithpháirteach, trédhearcacht agus aithint inniúlachtaí agus cáilíochtaí a chur chun cinn chun soghluaisteacht a mhéadú agus rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil a éascú. Iarrtar sa Dearbhú go bhfeabhsófar an comhar Eorpach in BOO ar fud na hEorpa. Díríonn sé ar rannchuidiú an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna leis na dúshláin a shainaithnítear i straitéis Liospóin: an ghné Eorpach den ghairmoideachas agus den ghairmoiliúint a neartú, trédhearcacht, córais faisnéise agus treorach a fheabhsú, inniúlachtaí agus cáilíochtaí a aithint, lena n-áirítear foghlaim neamhfhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil, comhar i ndearbhú cáilíochta a chur chun cinn (https://www.eqavet.eu/What-We-Do/European-Policy/Copenhagen-Process).

([6]) Níl forbairt an ábhair ghairmiúil do chomhaltaí na gCúirteanna agus na mBinsí clúdaithe faoin straitéis seo.

mar gheall ar chúrsaí oiliúna trína bhféadfar, i measc nithe eile, sáruithe ar an gCód a chur ar a súile do EUAA ionas gur féidir imscrúdú imleor agus obair leantach a dhéanamh maidir leo.

(vi) Cé go bhfuil EUAA lántiomanta don Straitéis seo, tá tiomantas na mBallstát agus a rannpháirtíocht ag gach leibhéal ríthábhachtach dá cur chun feidhme.

# 4. Cuspóirí

Trí Straitéis Oiliúna agus Foghlama a chur i bhfeidhm, tá sé mar aidhm ag EUAA:

(i) Eolas, scileanna, freagracht agus uathriail na n-oifigeach tearmainn agus glactha a fhorbairt

Tá sé mar aidhm ag EUAA tacú leis na Ballstáit lena chinntiú go gcuirtear an t-eolas, na scileanna, an fhreagracht agus an neamhspleáchas riachtanach ar fáil d'oifigigh tearmainn agus glactha le gur féidir leo chun a gcuid oibre a dhéanamh ar leibhéal sásúil. I dtaca leis sin, sainaithnítear sa Chreat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála (ESQF) d'oifigigh tearmainn agus glactha na tascanna a dhéanann oifigigh tearmainn agus glactha, chomh maith leis na torthaí foghlama a theastaíonn dá bhfeidhmíocht rathúil. Dá bhrí sin, cuireann an ESQF treoir chuimsitheach ar fáil maidir lenar chóir a bheith ar eolas ag oifigigh tearmainn agus glactha agus a bheith in ann a dhéanamh, faoi leibhéal sonraithe freagrachta agus neamhspleáchais, chun a gcuid dualgas agus a gcúraimí a chomhlíonadh. Cinntíonn a húsáid le linn an timthrialla oiliúna go bhfuil oiliúint EUAA ábhartha agus oiriúnach don fheidhm.

(ii) Cumas agus ullmhacht a mhéadú

Cabhraíonn gníomhaíochtaí oiliúna agus foghlama EUAA le húdaráis náisiúnta sna Ballstáit eolas, scileanna, freagracht agus uathriail a bpearsanra a neartú, rud a bhreisíonn a gcumas chun a gcúraimí laethúla a chomhlíonadh, agus a mhéadaíonn a n-athléimneacht nuair a bhíonn siad faoi bhrú díréireach. Cuireann oifigigh eolacha oilte ar chumas d'údaráis náisiúnta a bheith faoi réir chun freagairt go tapa do chásanna ina bhfuil borradh faoi líon na n-iarrthóirí tearmainn, go háirithe trí nósanna imeachta éifeachtúla a chur i bhfeidhm, agus ag an am céanna comhlíonadh CEAS a áirithiú.

(iii) Foghlaim ghníomhach a chur chun cinn

Tá ról lárnach ag foghlaimeoirí ina n-eispéireas foghlama agus forbartha agus tá sé mar aidhm ag EUAA timpeallacht shábháilte foghlama a sholáthar inar féidir le foghlaimeoirí fásta ceisteanna a iniúchadh agus dúshláin phraiticiúla a phlé faoi threoir oiliúnóra/cóitseálaí a bhfuil saineolas aici/aige sa réimse. Cuid lárnach den chur chuige foghlama gníomhaí is ea gné na piarfhoghlama, áit a dtugann an timpeallacht foghlama agus oiliúna deis spreagúil d'fhoghlaimeoirí chun dúshláin a phlé agus tuairimí a mhalartú le cleachtóirí eile sa réimse.

(iv) Forbairt ghairmiúil leantach a chur chun cinn

Dírítear i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla leantaí (CPD) EUAA ar oifigigh tearmainn agus glactha agus ar oiliúnóirí i modúil agus i gcúrsaí EUAA. Eagraítear gníomhaíochtaí CPD mar chuid de straitéis foghlama ar feadh an tsaoil EUAA i réimse an tearmainn agus an ghlactha, a fhágann

gur féidir eolas, scileanna agus inniúlachtaí ar feadh an tsaoil de chuid oifigeach tearmainn agus glactha a threisiú. Tá an CPD ríthábhachtach chun riachtanais foghlama a chomhlíonadh ar mhaithe le cóineasú i gcur i bhfeidhm CEAS a mhéadú.

Tá sé ríthábhachtach freisin do EUAA go mbeadh deiseanna ag oiliúnóirí sa churaclam tearmainn Eorpach chun a gcuid inniúlachtaí a bhaineann le hábhar agus scileanna andragogúla a fhorbairt agus a choinneáil suas go dtí na caighdeáin is airde, lena n-áirítear trí phróiseas deimhniúcháin. Áirítear leis seo freisin CPD maidir le hinniúlachtaí trasnacha amhail cumarsáid dhigiteach agus idirchultúrtha.

(v) Straitéis measúnaithe a chur i bhfeidhm

I gcomhréir le ESG 2015 agus fís fhadtéarmach EUAA maidir le creidiúnú a bhaint amach mar sholáthraí ardoideachais (i.e. Acadamh ionchasach de chuid na Gníomhaireachta) a sheachadann cláir agus modúil chreidiúnaithe, tá measúnuithe trédhearcacha, cothroma, iontaofa á gcur i bhfeidhm ag EUAA mar chuid riachtanach dá oiliúint. Cuid lárnach d'aon phróiseas oiliúna agus foghlama is ea an measúnú. Léiríonn gníomhaíochtaí measúnaithe dea-dheartha go bhfuil na torthaí foghlama atá beartaithe bainte amach ag na foghlaimeoirí agus mar sin tugann siad dearbhú maidir lena chóir a bheith ar eolas ag an bhfoghlaimeoir agus ar chóir don fhoghlaimeoir a bheith in ann dhéanamh nuair a bhíonn an próiseas foghlama curtha i gcrích. Tá an measúnú ar fhoghlaimeoirí atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí oiliúna agus foghlama EUAA deartha le bheith docht, trédhearcach agus comhsheasmhach. Chun sláine an phróisis mheasúnaithe a áirithiú, déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chreata um Dhearbhú Cáilíochta Oiliúna, nós imeachta um achomharc measúnaithe a fhorbairt agus a bhainistiú i gcás ina ndéanfadh neamhrialtachtaí sa tasc nó sa nós imeachta measúnaithe difear míchuí d'fheidhmíocht foghlaimeora sa mheasúnú, chomh maith le nós imeachta chun cásanna de mhí-iompar acadúil a fhiosrú agus iarobair a dhéanamh ina leith (féach alt 3, pointe (v)).

(vi) Foghlaim roimhe sin a aithint

Admhaíonn agus aithníonn EUAA foghlaim roimhe sin lena n-áirítear foghlaim fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil agus seachfhoirmiúil. Tugann eolas, scileanna agus inniúlachtaí a fuair foghlaimeoirí roimhe sin luach breise don phróiseas foghlama agus neartaíonn siad comhpháirt na piarfhoghlama. Mar sin, cuireann EUAA nósanna imeachta i bhfeidhm chun foghlaim agus taithí roimhe sin a aithint. Tá an t-aitheantas sin dírithe freisin ar athrá na foghlama a laghdú, agus ar an gcaoi sin an éifeachtúlacht a uasmhéadú.

# 5. Creataí oiliúna

I dtrí phríomh-chomhthéacs a chuirtear oiliúint EUAA ar fáil:

(i) Seisiúin de churaclam tearmann na hEorpa

Tá an curaclam tearmainn Eorpach ar cheann d'uirlisí praiticiúla EUAA a chuidíonn le cur chun feidhme éifeachtach an CEAS. Tá curaclam na bhfoghlaimeoirí comhdhéanta den chuid is mó de mhodúil oiliúna, agus an fhéidearthacht ann do mheasúnuithe deonacha as a dtiocfaidh

deimhniúchán, ach cuimsíonn sé raon leathan ábhar CPD freisin. Dearadh é go príomha chun cás-oifigigh agus cleachtóirí tearmainn agus glactha eile ar fud an Aontais a oiliúint agus déantar modúil oiliúna EUAA a chomhtháthú i gcomhchóras oiliúna, a chlúdaíonn réimse iomlán na cosanta idirnáisiúnta trí bhíthin sraith modúl idirghníomhach.

Comhlánaítear curaclam na bhfoghlaimeoirí le curaclam ar leith d'oiliúnóirí atá comhdhéanta de shraith cúrsaí ar ábhar chomh maith le modúil mheasúnaithe ar fhoghlaim aosach agus teicnící measúnaithe d'oiliúnóirí. Féadfar an curaclam Eorpach tearmainn a úsáid i gcomhthéacs na buantacaíochta chun cabhrú leis na Ballstáit creat oiliúna a bhunú dá bpearsanra nó chun a struchtúir oiliúna náisiúnta atá ann cheana a chomhlánú trí bhíthin ábhar oiliúna ardcháilíochta arna fhorbairt go coitianta.

(ii) Oiliúint i gcomhthéacs cúnaimh oibríochtúil agus theicniúil

Is é ceann de phríomhfheidhmeanna EUAA cúnamh oibríochtúil agus teicniúil a sholáthar do na Ballstáit, go háirithe i gcás ina bhfuil a gcórais tearmainn agus glactha faoi réir brú díréireach. Is é an curaclam Eorpach tearmainn an bonn chun gníomhaíochtaí oibríochtúla oiliúna a chur chun feidhme. Ag brath ar na cúraimí sonracha a bheidh le déanamh ar an talamh, chomh maith le saintréithe sonracha an chomhthéacs oibriúcháin, féadfar ábhar oiliúna comhlántach sonrach a fhorbairt.

Tá an oiliúint a chuirtear ar fáil chun tacú le Ballstáit a bhfuil a gcóras tearmainn agus glactha faoi réir bhrú díréireach á threorú ag forálacha Airteagal 8 de Rialachán EUAA, agus ag nádúr agus raon feidhme na bpleananna oibriúcháin. Nuair is gá, déantar é a sheachadadh i gcomhar le himscaradh na bhfoirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn. I ndáil leis sin, tá sé de chúram ar EUAA a fhíorú agus a chinntiú go bhfuil an oiliúint riachtanach faighte ag saineolaithe a imscartar mar chuid d'fhoirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn. I gcás inar gá, féadfaidh sé oiliúint a bhaineann go sonrach leis an gcúnamh oibríochtúil agus teicniúil a chur ar fáil dóibh roimh a n-imscaradh nó tar éis iad a imscaradh.

(iii) Gníomhaíochtaí oiliúna i gcomhthéacs socruithe oibre

Tá sainordú ag EUAA freisin dul i mbun gníomhaíochtaí forbartha acmhainní le tríú tíortha faoi Straitéis um Chomhar Eachtrach EUAA, faoi chuimsiú na socruithe oibre a tugadh i gcrích le húdaráis na dtíortha sin. Féadfaidh oiliúint oifigeach tearmainn agus glactha tríú tír a bheith san áireamh sa tacaíocht um fhorbairt acmhainne freisin.

Faoi chuimsiú socruithe oibre eile, féadfaidh an Ghníomhaireacht dul i mbun gníomhaíochtaí oiliúna le comhlachtaí eile de chuid an Aontais chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Féadfar a áireamh orthu sin malartú dea-chleachtas i réimse na hoiliúna, rannpháirtíocht fhrithpháirteach i ngníomhaíochtaí oiliúna nó forbairt chomhpháirteach ar ghníomhaíochtaí oiliúna sonracha.

# 6. Anailís ar riachtanais oiliúna

Cuireann EUAA modheolaíocht sholúbtha, struchtúrtha agus fianaise-bhunaithe i bhfeidhm chun tacú le húdaráis tearmainn agus glactha na mBallstát agus le geallsealbhóirí eile chun riachtanais oiliúna agus foghlama a shainaithint.

Cuirtear an mhodheolaíocht i bhfeidhm ar bhealach comhoibríoch le rannpháirtíocht iomlán na gcomhghleacaithe ábhartha ar fad in údaráis náisiúnta, agus go háirithe Pointí Teagmhála Náisiúnta (PTNanna) Oiliúna, a ghníomhaíonn mar theagmhálaithe lena gcuid údaráis faoi seach ar ábhair a bhaineann le hoiliúint. Ballstáit is ea a ainmníonn PTNnna Oiliúna, de réir mholtaí EUAA maidir leis na riachtanais agus na freagrachtaí a bhaineann le feidhmiú na feidhme seo. Tá comhairliúcháin fhairsing leis na comhpháirtithe seo fite fuaite sa mhodheolaíocht.

Tá an mhodheolaíocht deartha chun staid an tearmainn ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach a chur san áireamh agus tiománaithe riachtanas inniúlachta á sainaithint, chun úsáid an ESQF a ionchorprú go hiomlán agus chun díriú ar riachtanais oiliúna d’oifigigh tearmainn agus glactha nua-earcaithe agus dóibh siúd a bhfuil taithí acu.

Cuireann EUAA an mhodheolaíocht i bhfeidhm ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon, go háirithe i gcomhthéacs thacaíocht oibriúcháin agus thacaíocht *ad hoc*.

# 7. Oiliúint a dhearadh agus a fhorbairt

## 7.1. Dearadh na hoiliúna

Dearann EUAA a oiliúint bunaithe ar chur chuige torthaí foghlama, ionas gur ar an eolas, na scileanna, an bhfreagracht agus an neamhspleáchas a dhírítear, a ba cheart a bheith ag an bhfoghlaimeoir nuair a bhíonn an oiliúint críochnaithe. Cuidíonn cur i bhfeidhm torthaí foghlama i ndearadh na hoiliúna le cur chuige foghlaimeoir-lárnach, ina leagtar béim ar a mbeidh ar eolas ag an bhfoghlaimeoir agus ar a mbeidh sé/sí in ann a dhéanamh. Aithnítear ansin an straitéis foghlama is oiriúnaí, agus forbraítear measúnuithe chun gnóthachtáil na dtorthaí foghlama a thomhas agus a léiriú.

Soláthraíonn an cur chuige seo an bonn le haghaidh chreidiúnú churaclam tearmainn na hEorpa, a fhaigheann tacaíocht ó na Ballstáit trí Mheitheal Deimhniúcháin agus Creidiúnaithe (CAWG) EUAA, agus atá gan dochar do chórais náisiúnta.

## 7.2. Ábhair oiliúna a fhorbairt

Is í EUAA a fhorbraíonn ábhar oiliúna i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, a dtugtar cuireadh dóibh cur leis an bpróiseas dréachtaithe i ról tacaíochta trí shaineolaithe ábhair a ainmniú. I gcomhréir le Rialachán EUAA, féadfaidh údaráis eile amhail an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda

Teorann agus Cósta (Frontex), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) chomh maith le húdaráis oiliúna ábhartha, institiúidí acadúla, comhlachais bhreithiúnacha, líonraí oiliúna nó eile, a bheith páirteach nuair is cuí sin. Nuair is gá, féadfaidh EUAA íoc as seirbhísí saineolaithe seachtracha a bhfuil eolas agus taithí fhairsing acu ar na hábhair atá i gceist.

Go háirithe, comhoibríonn EUAA le geallsealbhóirí ábhartha faoi chuimsiú an Ghrúpa Tagartha, a fheidhmíonn mar athbhreithneoir ábhair. Tá an Grúpa Tagartha comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ón UNHCR, comhaltaí den tsochaí sibhialta, den saol acadúil agus, nuair is cuí, de na cúirteanna agus de bhinsí.

Ina theannta sin, cothaíonn EUAA comhphlé oscailte le heagraíochtaí na sochaí sibhialta ina ghníomhaíochtaí oiliúna tríd an bhFóram Comhairliúcháin, a dtéitear i gcomhairle leis maidir leis an gcuraclam Eorpach tearmainn. D'fhonn béim a chur ar thiomantas EUAA do chearta bunúsacha, bíonn an curaclam mar ábhar le comhairliúcháin leis an Oifigeach um Chearta Bunúsacha, leis.

Trína chomhar le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha mar chuid den phróiseas deartha agus forbartha, cuireann EUAA agus comhar chun cinn i measc gníomhaithe ábhartha an Aontais chun comhsheasmhacht agus comhlíonadh an ábhair oiliúna leis na caighdeáin atá leagtha síos sa dlí agus sa dlí-eolaíocht idirnáisiúnta agus Eorpach a fheabhsú tuilleadh.

I ngach cás, is í EUAA atá freagrach ar deireadh thiar as ábhar an ábhair oiliúna.

Nuair a dhéanann EUAA ábhar oiliúna a leagan amach, a uasghrádú agus a nuashonrú, cuirtear cur chuige cuimsitheach in oiriúint d'úsáideoirí éagsúla ag cur san áireamh anailís riachtanas, am agus cúrsaí costéifeachtúlachta, chomh maith le riachtanais grúpaí éagsúla foghlaimeoirí, go háirithe ó thaobh na stíleanna foghlama ab fhearr leo. Úsáideann EUAA modheolaíochtaí oiliúna agus foghlama nuálaíocha agus baintear úsáid fhorleathan as a cur chuige foghlama cumaisc atá comhdhéanta d'eilimint r-Fhoghlama agus d'oiliúint aghaidh le duine nó de sheimineáir ghréasáin, chomh maith le hoiliúint agus cóitseáil ar an láthair, piarfhoghlaim, foghlaim shoghluaisteach, ceardlanna agus comhdhálacha gairmiúla.

I mBéarla a leagtar amach ábhar oiliúna EUAA. Tá na modúil go léir ar fáil, áfach, le haistriú go dtí aon teanga oifigiúil de chuid an Aontais ar iarratas ó na Ballstáit, i gcomhréir leis na riachtanais bhunaithe agus ag brath ar infhaighteacht acmhainní. Ar an mbonn céanna, agus i bhfianaise socruithe oibre le tíortha comhlachaithe agus tríú tíortha, féadfaidh EUAA modúil oiliúna a aistriú go teangacha náisiúnta na dtíortha sin. Cuirtear gach leagan teanga ar fáil ar Chóras Bainistíochta Foghlama EUAA (LMS).

## 7.3. Athbhreithniú ar chur chun feidhme

Déanann EUAA athbhreithniú ar an gcuraclam Eorpach tearmainn ar bhonn rialta. "Saolré" 5 bliana ar an meán a bhíonn ag gach modúl. Ag deireadh a shaolré, déantar athbhreithniú ar an modúl, agus déantar cinneadh ar an ngá é a nuashonrú nó a uasghrádú. Coinníonn EUAA an ceart freisin scor de mhodúl tar éis meastóireacht a dhéanamh ar a úsáid agus é a phlé leis na Ballstáit.

# 8. Seachadadh agus éascú oiliúna

Is ar chóras oiliúna don oiliúnóir, go príomha (a chothaíonn éifeacht iolraitheora) chun cur chun feidhme churaclam tearmainn na hEorpa a éascú laistigh d'údaráis náisiúnta a bhraitheann cur chun feidhme phríomhghníomhaíochtaí oiliúna EUAA. Tríd an gcóras seo, bunaíonn EUAA plean oiliúna bliantúil chun oiliúint a chur ar fáil d'oiliúnóirí náisiúnta a eagraíonn agus a sheachadann oiliúint dá bpiaraí ar an leibhéal náisiúnta tar éis dóibh an oiliúint a chríochnú. Ní amháin go n-uasmhéadaíonn an córas seo iarrachtaí oiliúna EUAA ach ceadaíonn sé freisin solúbthacht níos fearr in eagrú imeachtaí oiliúna agus forálann sé d'fhorbairt acmhainní ar shlí inbhuanaithe laistigh de na Ballstáit.

Tacaíonn EUAA tuilleadh le comhar réigiúnach maidir le tionscnaimh oiliúna a bhféadfadh níos mó ná tír AE+ amháin leas a bhaint astu. Ina theannta sin, tacaíonn EUAA le heagrú gníomhaíochtaí oiliúna ar leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear seisiúin oiliúna d'oiliúnóirí mar aon le seisiúin náisiúnta oiliúna d'fhonn costais eagraíochtúla a laghdú agus comhar réigiúnach a chur chun cinn.

Maidir le socruithe *ad hoc*, féadfaidh EUAA oiliúint shaincheaptha a chur ar fáil d'oifigigh tearmainn agus glactha.

## 8.1. Linn Traenála na Gníomhaireachta

Is príomhghníomhaithe iad oiliúnóirí sa churaclam tearmainn Eorpach maidir le cáilíocht a chinntiú agus tá ról ríthábhachtach acu i gcur chun feidhme CEAS. Tá Linn Oiliúna bunaithe ag EUAA chun rannpháirtíocht shaineolaithe na mBallstát i bhforbairt agus i gcur chun feidhme gníomhaíochtaí oiliúna a chomhordú. Cuidíonn an Linn le comhar atá ann cheana i réimse an tearmainn a chothú agus le dea-chleachtais a chur chun cinn. Is é EUAA a bhainistíonn an Linn i gcomhar leis na Ballstáit agus tá saineolaithe ábhair, oiliúnóirí ábhair agus saineolaithe teagascacha ann. Bainistíonn EUAA líonra oiliúnóirí agus saineolaithe freisin trí bhealaí cumarsáide agus cruinnithe ábhartha.

Cé go bhfuil an Linn teoranta go ginearálta do chomhaltaí d'údaráis náisiúnta tearmainn agus glactha, féadfaidh EUAA gníomhaithe ábhartha eile a áireamh ar bhonn eisceachtúil (e.g. UNHCR) chun tacú le hoiliúint i réimsí sonracha.

Cloíonn EUAA le nós imeachta inmheánach chun roghnú oiliúnóirí, saineolaithe ábhair agus saineolaithe teagascacha/oiliúnóirí do ghníomhaíochtaí a bhaineann le hoiliúint na Gníomhaireachta a bhainistiú.

In éineacht leis na hoiliúnóirí ábhair, na saineolaithe ábhair agus na saineolaithe teagascacha ón Linn, baineann EUAA úsáid freisin as foireann cháilithe chomh maith le saineolaithe seachtracha le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna EUAA, nuair is ábhartha.

# 9. Monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú tréimhsiúil leanúnach

Coinníonn EUAA córas monatóireachta dá ghníomhaíochtaí oiliúna ar fad bunaithe ar shonraí fónta ar roinnt príomhtháscairí feidhmíochta a bhailiú go leanúnach. Coinníonn EUAA sonraí faireacháin faoi athbhreithniú leanúnach agus déanann Grúpa Comhairleach um Dhearbhú Cáilíochta Oiliúna comhdhéanta d'oifigigh shinsearacha ó údaráis náisiúnta na mBallstát athbhreithniú orthu ar bhonn bliantúil. Déantar gníomh ceartaitheach aon uair a thugtar saincheisteanna faoi deara a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar cháilíocht.

Úsáidtear sonraí monatóireachta mar chuid de mheastóireachtaí tréimhsiúla ar ghníomhaíochtaí oiliúna freisin. Déantar meastóireachtaí dá leithéid de réir modheolaíochta caighdeánaithe agus cuirtear a dtorthaí san áireamh chun bearnaí sa churaclam a aithint agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht na ngníomhaíochtaí oiliúna.

Déanann an bhainistíocht athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm conclúidí agus moltaí ó ghníomhaíochtaí monatóireachta agus meastóireachta chun a chinntiú go gcuirtear feabhas leanúnach ar ghníomhaíochtaí oiliúna dá réir. Ina theannta sin, spreagann EUAA cumarsáid neamhfhoirmiúil agus fhoirmiúil leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir chun réimsí féideartha feabhsaithe a shainaithint do ghníomhaíochtaí oiliúna agus foghlama an Ghníomhaireacht .

Tuairiscíonn EUAA go tréimhsiúil ar chur chun feidhme a ghníomhaíochtaí oiliúna agus a ghnóthachtálacha ábhartha, agus ar thorthaí na meastóireachtaí freisin. Gach bliain, foilsíonn EUAA tuarascáil oiliúna ar chur i bhfeidhm ghníomhaíochtaí oiliúna na Gníomhaireachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Cuirtear tuarascáil bhliantúil bunaithe ar shonraí monatóireachta oiliúna le chéile i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach um Dhearbhú Cáilíochta Oiliúna. Cuireann soláthar tráthúil agus cruinn sonraí ag Ballstáit trí líonra Oiliúna an Lárphointe Teagmhála ar chumas EUAA a fheidhm oiliúna agus foghlama a fheidhmiú go rathúil.

ISBN 978-92-9400-662-2

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

euaa
EUROPEAN UNION
AGENCY FOR ASYLUM